



PREASEISIÚINT Uimh. 179/24

Lucsburg, an 10 Deireadh Fómhair 2024

Aistriú inniúlachta páirteach ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta: Dlísheomra a chruthú laistigh den Chúirt Ghinearálta ag a bhfuil speisialtóireacht i gcásanna réamhrialaithe agus Abhcóidí Ginearálta a thoghadh

Tar éis leasú a dhéanamh ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ¹, rinneadh aistriú páirteach, ón 1 Deireadh Fómhair, ar dhlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta ², d'ainmnigh an Chúirt Ghinearálta na breithiúna le suí sa Dlísheomra réamhrialaithe nuachruthaithe idir mí Dheireadh Fómhair 2024 agus mí Lúnasa 2025.

I gcomhréir leis an gcinneadh a ghlac tionól iomlánach na Cúirte Ginearálta an 9 Deireadh Fómhair, is é Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta, Savvas Papasavvas, a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an Dlísheomra seo, agus beidh cúigear Breithiúna ann, i bprionsabal, a cheapfar ar bhonn uainíochta as an deichniúr Breithiúna seo a leanas:

1. An Breitheamh Nina Póltorak ;
2. An Breitheamh Tuula Riitta Pynnä ;
3. An Breitheamh Johannes Christoph Laitenberger ;
4. An Breitheamh Gerhard Hesse ;
5. An Breitheamh Miguel Sampol Pucurull ;
6. An Breitheamh Mirela Stancu ;
7. An Breitheamh Gabriele Steinfatt ;
8. An Breitheamh David Petrлік ;
9. An Breitheamh Ioannis Dimitrakopoulos ;
10. An Breitheamh William Valasidis.

Ina theannta sin, ar bhonn Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ³ agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ⁴, toghadh na breithiúna a fheidhmeoidh mar Abhcóide Ghinearálta chun na n-iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil. Is iad sin:

1. An Breitheamh José Martín y Pérez de Nanclares;
2. An Breitheamh Maja Brkan.

Toghadh an Breitheamh Ion Gâlea, mar breitheamh ionadaí, mura féidir leis na Abhcóidí Ginearálta sin feidhmiú.

Cumhdóidh téarma oifige na mBreithiúna agus na nAbhcóidí Ginearálta a dhéileálann le hiarrataí ar réamhrial ú Deireadh Fómhair 2024 go dtí an Lúnasa 2025, dáta athnuachan na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Rialachán \(AE, Euratom\) 2024/2019](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024, lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

² Féach [Preasráiteas 125/24](#).

³ Féach Airteagal 49a de [Reacht Cúirte Breithiúnais an Aontais Eorpaigh](#) (leagan comhdhlúite).

⁴ Féach Airteagail 31a de [Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta](#) (leagan comhdhlúite).